V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

## (Cás M.11198 - TELEPERFORMANCE / MAJOREL)

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 339/07)

1. An 18 Meán Fómhair 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Teleperformance SE ('Teleperformance', an Fhrainc),

— Majorel Group Luxembourg S.A. ('Majorel', Lucsamburg), atá faoi chomhrialú Bertelsmann Luxembourg S.à.r.l., Saham Customer Relationship Investments Limited, agus Saham Outsourcing Luxembourg S.àr.l., (Lucsamburg i gcás gach ceann).

Gheobhaidh Teleperformance rialú aonair ar Majorel ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Teleperformance: is cuideachta seirbhísí gnó digiteach domhanda é a sholáthraíonn seirbhísí eispéireas custaiméirí agus seirbhísí eile próisis ghnó.

— Majorel: is soláthraí domhanda seirbhísí gnó do chustaiméirí é a dhearann réitigh ó cheann go ceann do bhrandaí ar fud an domhain agus a dhéanann iad a thógáil agus a sheachadadh.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11198 - TELEPERFORMANCE / MAJOREL

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË